View in browser

17 Márta 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 89








## CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh **Club Leabhar Chois Fharraige** ag teacht le chéile ar an gCéadaoin, 23ú Márta i dTigh Mholly in Indreabhán ag a 8 i.n. leis an gcnuasach gearrscéalta *'Bláth na dTulach'* a phlé. Is féidir an díolaim a cheannach i siopa Cló Iar-Chonnacht sa Spidéal agus tá roinnt de na scéalta le fáil mar chlosleabhar anseo. Bígí ag léamh agus bígí ann. Fáilte roimh bhaill nua i gcónaí.




## IMEACHTAÍ NA FÉILE PÁDRAIG

Cé nach raibh deis le dhá bhliain anuas taitneamh a bhaint as imeachtaí na Féile Pádraig, tá roinnt imeachtaí ar siúl i mbliana agus deis ag daoine an fhéile a cheiliúradh mar is ceart. Beidh Paráid Lá 'le Pádraig ar siúl ar an gCeathrú Rua @ meán lae. Oíche'l Pádraig, beidh an seó **Le Cion ar Joe** ar stáitse i Seanscoil Sailearna, ag tosú @ 8i.n. Is féidir ticéid a fháil ach teagmháil a dhéanamh le . Cuirfear an seó chun ardáin ar an Aoine freisin. Beidh seisiún ceoil is amhráin ar siúl sa gCrúiscín Lán sa Spidéal @ 8i.n agus seisiún amhránaíochta is ceoil Tigh Mholly @ 9 i.n. Beidh seisiún ceoil á óstáil ag Tigh Phádraicín freisin le Steve Sweeney agus a chairde @ 8i.n. Leanfaidh an ceiliúradh ar aghaidh thar an deireadh seachtaine freisin le ceol ó Cheann Golaim sa bPoitín Still ar an Satharn @ 9:30i.n.




## MAIDIN CHAIFÉ/TAE IARNÓNA AR SON CHUMANN ALZHEIMER NA hÉIREANN

Tá maidin chaifé/tae iarnóna á reáchtáil ag **Tigh Mholly** ar son Cumann Alzheimer na hÉireann ar an Domhnach 20ú Márta ag tosú @ 1 i.n. Beidh ceol ann ar an lá ó Johnny Óg Connolly agus a chairde, chomh maith le crannchur, tae, caifé agus blaisíní deasa! Bhí an ócáid le bheith ar siúl dhá bhliain ó shin ach cuireadh ar athló é go dtí anois. Bheadh Tigh Mholly, agus Cumann Alzheimer na hÉireann thar a bheith buíoch as tacaíocht an phobail ar mhaithe leis na seirbhísí agus tacaíochtaí tábhachtacha a chuireann siad ar fáil.

## CAIFE LITRÍOCHTA NA GAELTACHTA

Tá Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann tagtha le chéile arís le sraith cainteanna ar réimsí éagsúla litríochta a reáchtáil. Cuirtear aoichainteoir ar leith i láthair chuile sheachtain. 'Sé **LPT Thuaisceart Dhún na nGall** a bheas á óstáil an tseachtain seo chugainn. Cuirfear fáilte roimh Chaoimhín Mac a' Bhaird ar an oíche, an 22ú Márta, agus sé Stair Cheantar Ros Goill a bheas á phlé aige. An-oíche a bheas ann. Cuirfear tús leis an seisiún @ 7i.n. Is féidir clárú do na seisiúin ach teagmháil a dhéanamh le

## FOLÚNTAS AG RÚNDA

Tá **Rúnda** sa Spidéal, sa tóir ar *bharista!* Tá sé tábhachtach ach ní gá go mbeadh taithí ag an té a chuireann isteach ar an bpost agus is buntáiste é Gaeilge a bheith ag na hiarrthóirí freisin. Deis iontach a bheadh ann scileanna nua a fhoghlaim agus a fhorbairt agus cleachtadh a fháil ar a bheith ag plé leis an bpobal. Iarrfar ar iarrthóirí CV a sheoladh chuig rundacoffeestop@gmail.com

rúnda

## MARGADH AN EARRAIGH

Beidh **Margadh an Earraigh** ar siúl ar an Domhnach 20ú Márta i Halla na Tullaigh. Mairfidh an margadh ó 11r.n. go dtí thart ar 3i.n. Beidh neart earraí le feiceáil agus le ceannach ann agus tá fáilte roimh chách. Is féidir níos mó eolais a fháil, agus is féidir tacaíocht a thabhairt don mhargadh anseo.

## SEOLADH DLÚTHDHIOSCA LE PAIDÍ TOM BÁN BREATHNACH

Seolfar dlúthdhiosca nua de chuid **Phaidí Tom Bán Breathnach** i dTigh Chualáin ar an Satharn 19ú Márta @ 9 i.n. *Ceol ón Teaghlach* is ainm don dlúthdhiosca nua agus le ceiliúradh a dhéanamh air, beidh go leor ceoil agus comhluadair ann le haíonna speisialta freisin - Máirtín Tom Sheáinín, Na Cunninghams agus Máiréad Ní Fhlatharta ina measc. Cuirfear fáilte roimh chách, damhsóirí, ceoltóirí agus amhránaithe.




## AN DR MARY BERGIN

Bronnfar céim dochtúireachta ar Mhary Bergin ag ócáid ar leith in Ollscoil Bhaile Átha Cliath (UCD) ar an Aoine 18ú Márta. Is í Mary duine de na ceoltóirí is oilte agus is cáiliúla dá bhfuil ann ar an bhfeadóg stáin. Bhog sí go dtí An Spidéal sna hochtóidí agus roinn sí a cuid ceoil go fial leis an bpobal ag seisiúin agus mar mhúinteoir ó shin i leith. Is iomaí ceoltóir i gCois Fharraige a chuir tús lena n-aistear ceoil faoina cúram. Tá an domhan siúlta aici mar bhall de **Cheoltóirí Laighean** ar dtús agus mar bhall de **Dhordán** níos faide anonn. Mar cheiliúradh ar UCD a bheith 50 bliain lonnaithe ar champas Belfield, bronnfar céimeanna dochtúireachta ar dhaoine a bhain cáil amach in earnáil an cheoil dhúchasaigh, Mary Black, Finbar Furey, Paddy Glackin, Andy Irvine, Tríona Ní Dhomhnaill, Mary O'Hara agus Mary Bergin. Beidh ceolchoirm mhór i Halla O'Reilly san ollscoil an oíche chéanna áit a gcasfaidh na dochtúirí nua! Go maire tú do ghradam, a Mhary.



## 'FIACH' LE FÍBÍN

Beidh FIACH, an *'drive-in dráma'*, á léiriú ag FÍBÍN ar an Aoine agus an Satharn seo, 18ú & 19ú Márta, i gCathair na Gaillimhe, sa gcarrchlós ag an *mBlack Box*. Chuir Fíbín an dráma ar stáitse don chéad uair i mí Lúnasa 2020 sa gcarrchlós ag an ionad atá acu ar an Tulach. Píosa oibre cumasach atá ann, atá scríofa ag Philip Doherty. Sa dráma an babhta seo tá Siobhán O'Kelly ón gCeathrú Rua agus Dara Devaney ó Mhuiceannach. Is féidir ticéid a chur in áirithe ach teagmháil a dhéanamh le Fíbín anseo.

## SCRÚDUITHE TEG 2022

Beidh scrúduithe TEG á reáchtáil go luath in ionaid éagsúla ar fud na hÉireann. Tá dátaí éagsúla ann don mheánleibhéal agus don bhonnleibhéal agus baineann spriocdhátaí ar leith leis na catagóirí éagsúla. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.teg.ie nó is féidir teagmháil a dhéanamh le teanga@mu.ie




Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite